


Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Cúrsa Gaeltachta

# Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí Naíonraí

## CÉN FÁTH FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH LE COLÁISTE CHAMUIS?

### Achoimre ar an gCúrsa

Reáchtálfar an cúrsa Gaeltachta seo ar Champas Choláiste Chamuis i Ros a' Mhíl, Co. na Gaillimhe. Cabhróidh an cúrsa le múinteoirí Naíonraí barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna trí mheán na Gaeilge, le sraith de cheardlanna praiticiúla i dtimpeallacht lántumtha teanga.

Clúdóidh an cúrsa teanga an naíonra, teanga na hoibre agus scileanna luathfhorbartha trí mheán na Gaeilge, ag cur go mór le líofacht na rannpháirtithe.

### Cé Muid

Tá Coláiste Chamuis ag cur cúrsaí lántumtha teanga ar fáil i nGaeltacht Chonamara le breis agus 50 bliain. Éiríonn lenár scoláirí líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge i dtimpeallacht dhearfach, tacúil. Cuireann muid béim ar úsáid na Gaeilge i saol an lae inniu trí ghníomhaíochtaí taitneamhacha ar nós spóirt, imeachtaí cultúrtha, agus siamsaíocht, in éineacht le ranganna idirghníomhacha ag úsáid na modhanna múinte is éifeachtaí agus is nua-aimseartha.

Úsáidtear an cur chuige céanna, na luachanna agus na heispéiris chéanna inár gcúrsaí san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí Naíonraí, i dtimpeallacht dhinimiciúil shaibhir foghlama.

**Nóta:** Tá an cúrsa seo á chur ar fáil i gcomhar le Gaeloideachas, a chlúdaíonn táille an chúrsa do na rannpháirtithe.

## Cad a Chuimsíonn an Cúrsa?

**1. Teanga bunaithe ar shúgradh agus ar ghníomhaíochtaí**

Foclóir agus straitéisí praiticiúla chun an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha le páistí le linn súgartha, scéalaíochta, amhránaíocht agus gnáth ghníomhaíochtaí an lae.

**2. Teanga an naíonra & teanga na hoibre**

Foclóir agus straitéisí praiticiúla chun an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha le páistí le linn súgartha, scéalaíochta, amhránaíocht agus gnáth ghníomhaíochtaí an lae.

**3. Scileanna luath fhorbartha teanga trí mheán na Gaeilge**

Modhanna agus samplaí praiticiúla chun forbairt teanga nádúrtha, muinín agus cumarsáid i measc páistí óga a chothú, le deiseanna cleachtaidh agus machnaimh.

## Aiseolas ó rannpháirtithe

Sna suirbhénna i ndiaidh cúrsaí, dúirt 100% de na rannpháirtithe go bhfillfidís chun freastal ar chúrsa CPD eile linn.

> "Cúrsa den scoth, an-phraiticiúil agus an-úsáideach – GRMA."

> "Bhí gach rud thar barr, caithfidh mé a rá."

> "Chuir sibh cúrsa den scoth ar fáil."



## Cén Uair? / Amchlár

**Aoine - Domhnach**

14:00 i.n. ar an 06/03/26

13:00 i.n. ar an 08/03/26

Beidh clár sóisialta Gaelach chuile thráthnóna mar chuid den chlár ama.

## Lóistín

Eagrófar lóistín go háitiúil.

## Lónadóireacht


Cuirfear bricfeasta, lón agus dinnéar ar fáil mar is cuí.

## Táille

**€150 don chúrsa le lóistín le seomra shingil**

**€75 don chúrsa le lóistín le seomra roinnte**

**Nóta:** Tá an cúrsa seo á chur ar fáil i gcomhar le Gaeloideachas, a chlúdaíonn an chuid eile den chostas. (Tá lóistín 2 oíche, teagasc, acmhainní teagaisc, busanna i rith an chúrsa, lónadóireacht & siamsaíocht san áireamh)



## Buntáistí do mhúinteoirí Naíonraí

- ✓ Muinín in úsáid na Gaeilge a neartú
- ✓ Acmhainní praiticiúla do shuíomh naíonra
- ✓ Teicnící chun teanga nádúrtha a fhorbairt i measc páistí
- ✓ Bealaí chun meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú sa naíonra
- ✓ Láidriú ar chleachtas gairmiúil trí Ghaeilge
- ✓ Deis foghlama i gcroílár na Gaeltachta
- ✓ Pobal gairmiúil nua le hoibrithe naíonra ó fud na tíre




Le haghaidh tuilleadh eolais & chun áirithint a dhéanamh: **www.colaistechamuis.ie/gb/naionra**